

An Bhruiséil, 10 Lúnasa 2026
(OR. en)

12380/26

CODIF 28
CODEC 1537
MAR 118
OMI 45

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	23 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró (códú)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an togra ón gCoimisiún maidir le códú dá dtagraítear san ábhar (COM(2026) 386 final and annexes 1 to 5).

Faoi iamh: COM(2026) 386 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2026
COM(2026) 386 final

2026/0215 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró (códú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dlí an Aontais ionas go mbeidh sé níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus, dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans chun úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronntar orthu.

Ní féidir an aidhm seo a bhaint amach fad is atá líon mór forálacha a leasaíodh roinnt uaireanta, agus leasuithe suntasacha a bheith i gceist go minic, scaipthe anseo agus ansiúd, rud a fhágann go mbíonn gá le cuardach a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin san ionstraim bhunaidh agus ar roinnt eile acu in ionstraimí leasaitheacha níos déanaí. Is gá, dá bhrí sin, mórobair thaighde a dhéanamh, i bhfoirm comparáide idir cuid mhór ionstraimí éagsúla, chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a shainaithe.

Ar an gcúis sin, tá gá freisin le códú a dhéanamh ar rialacha a leasaíodh go minic má tá an dlí le bheith soiléir agus trédhearcach.

2. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, ar an 1 Aibreán 1987¹ treoir a thabhairt dá fhoireann á rá gur cheart gach gníomh a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, agus cuireadh i bhfios dóibh gur bunriachtanas é seo agus gur cheart féachaint le códú a dhéanamh ag eatraimh is giorra ná sin ar na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu lena chinntiú go bhfuil na forálacha atá iontu soiléir agus sothuigthe.
3. Dearbhaíodh an méid sin i gConclúidí Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992)² agus cuireadh i bhfios an tábhacht a bhaineann le códú mar go dtugann sé cinnteacht faoin dlí is infheidhme maidir le hábhar ar leith tráth ar leith.

Ní foláir an nós imeachta coitianta a bhaineann le glacadh ghníomhartha an Aontais a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán le linn an códú á dhéanamh.

Ós rud é nach ceadmhach athruithe a dhéanamh ar shubstaint na n-ionstraimí lena mbaineann an códúchán, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú, trí chomhaontú idirinstiúideach dar dáta an 20 Nollaig 1994, go bhféadfar nós imeachta luathaithe a úsáid chun ionstraimí códaithe a ghlacadh go mear.

4. Is é is cuspóir don togra seo códú a dhéanamh ar Directive 2003/25/EC of the European Parliament and of the Council of 14 April 2003 maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró³. Glacfaidh an Treoir nua ionad na ngníomhartha éagsúla a chuimsítear ann⁴; caomhnaítear go huile agus go hiomlán inneachar na ngníomhartha atá á gcódú agus, dá bhrí sin, ní dhéantar ach iad a thabhairt le chéile agus na hoiriúnuithe foirmiúla sin amháin a bhfuil gá leo don phróiseas códúcháin féin a dhéanamh.
5. Rinneadh an togra códúcháin a tharraingt suas ar bhonn réamh-chomhdhlúthú, sna teangacha oifigiúla go léir, ar Treoir. 2003/25/EC agus ar na hionstraimí lena leasaítear é. Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí chóras próiseála sonraí. I gcás uimhreacha nua a bheith tugtha do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir an tseanuimhir agus an uimhir nua i dtábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn Va ghabhann leis an Treoir chódaithe.

¹ COIM (87) 868 Miontuairiscí.

² Féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A de na Conclúidí.

³ San áireamh i gclár reachtaíochta 2026.

⁴ Féach Cuid A, Iarscríbhinn IV, a ghabhann leis an togra seo.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró (códú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal de ☒ 100(2) de ☒ ,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:



- (1) Rinneadh Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta⁸. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Treoir sin a chódú.

↓ 2003/25/EC	Aithris	1
(oiriúnaithe)		

- (2) Faoi chuimsiú an chomhbheartais iompair, ba cheart tuilleadh beart a dhéanamh chun feabhas a chur ☒ ar an leibhéal sábháilteachta is gá ☒ i muiriompar paisinéirí.

⁵ IO C , , lch. .

⁶ IO C , , lch. .

⁷ Directive 2003/25/EC of the European Parliament and of the Council of 14 April 2003 on specific stability requirements for ro-ro passenger ships (IO L 123, 17.5.2003, lgh. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2003/25/oj>).

⁸ Féach Cuid A d'Iarscríbhinn III.

↓ 2003/25/EC (oiriúnaithe)	Aithris	2
-------------------------------	---------	---

- (3) Is mian leis an ☒ tAontas ☒ timpistí loingseoireachta a bhaineann le longa paisinéirí róró agus a mbíonn bás mar thoradh orthu a sheachaint ar gach bealach iomchuí.
-

↓ 2003/25/EC (oiriúnaithe)	Aithris	4
-------------------------------	---------	---

- (4) Daoine a thaistealaíonn ar longa paisinéirí róró agus criú atá fostaithe ar bord na soithí sin ar fud an ☒ Aontais ☒, ba cheart an ceart a bheith acu an t-ardleibhéal céanna sábháilteachta a éileamh gan beann ar an limistéar ina n-oibríonn na longa.
-

↓ 2003/25/EC (oiriúnaithe)	Aithris	5
-------------------------------	---------	---

- (5) I bhfianaise ghné an mhargaidh inmheánaigh a bhaineann le muiriompar paisinéirí, is é gníomhaíocht ar leibhéal an ☒ Aontais ☒ an bealach is éifeachtaí chun íosleibhéal coiteann sábháilteachta a bhunú le haghaidh long ar fud an ☒ Aontais ☒.
-

↓ 2003/25/EC (oiriúnaithe)	Aithris	6
-------------------------------	---------	---

- (6) Is é gníomhaíocht ar leibhéal an ☒ Aontais ☒ an bealach is fearr chun forfheidhmiú comhchuibhithe na bprionsabal arna gcomhaontú laistigh den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a áirithiú, agus ar an gcaoi sin saobhadh iomaíochta idir oibreoirí long paisinéirí róró a oibríonn ☒ san Aontas ☒ a sheachaint.
-

↓ 2003/25/EC	Aithris	3
--------------	---------	---

- (7) Tar éis damáiste de dheasca imbhualte, tá marthanacht long paisinéirí róró, de réir mar a chinntear lena gcaighdeán cobhsaíochta damáiste, ina toisc fíor-riachtanach do shábháilteacht paisinéirí agus foirne agus tá ábharthacht faoi leith ag baint léi ó thaobh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála; is í an fhadhb is contúirtí maidir le cobhsaíocht loinge paisinéirí róró ar a bhfuil deic róró iata, tar éis damáiste imbhualte, an fhadhb a eascraíonn as an éifeacht a bhaineann le carnadh méideanna suntasacha uisce ar an deic sin.
-

↓ 2003/25/EC (oiriúnaithe)	Aithris	7
-------------------------------	---------	---

- (8) Rinneadh ceanglais chobhsaíochta ghinearálta le haghaidh longa paisinéirí róró a bhfuil damáiste déanta dóibh a bhunú ar an leibhéal idirnáisiúnta leis an gComhdháil um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1990 ☒ (SOLAS 90) ☒ agus cuimsíodh iad i Rialachán II-1/B/8 de Choinbhinsiún SOLAS (caighdeán SOLAS). Tá na ceanglais sin infheidhme ☒ san ☒ ☒ Aontas ☒ ar fad mar gheall ar chur i bhfeidhm díreach

↓ 2003/25/EC Aithris 8
(oiriúnaithe)

- (9) ☒ Cuimsítear go hintuigthe sna ceanglais chobhsaíochta damáiste atá ☒ i gcaighdeán SOLAS 90 an éifeacht atá ag uisce a thagann isteach sa deic róró i staid farraige ina bhfuil tonnairde shuntasach 1,5 m.
-

↓ 2023/946 Aithris 3 (oiriúnaithe)

- (10) Faoi Rún 14 ☒ maidir le ‘Comhaontuithe réigiúnacha maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró’, arna ghlacadh ag Comhdháil na Rialtas Conarthach i leith an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974 ar an 29 Samhain 1995 ☒, ligtear do bhaill IMO comhaontuithe réigiúnacha a thabhairt i gcrích má mheasann siad go bhfuil gá le ceanglais chobhsaíochta shonracha i limistéar ainmnithe de bharr na ngnáthdhálaí farraige agus dálaí áitiúla eile sa limistéar sin.
-

↓ 2003/25/EC Aithris 10

- (11) I Stócólm an 28 Feabhra 1996, chomhaontaigh ocht dtír i dtuaisceart na hEorpa, lena n-áirítear seacht mBallstát, caighdeán cobhsaíochta níos airde a thabhairt isteach le haghaidh longa paisinéirí róró a bhfuil damáiste déanta dóibh chun an éifeacht a bhíonn ag carnadh uisce ar an deic róró a chur san áireamh agus chun a chur ar chumas na loinge teacht slán as stáit níos déine ná caighdeán SOLAS 90, is é sin stáit ina bhfuil tonnairdí suntasacha 4 m.
-

↓ 2003/25/EC Aithris 11

- (12) Faoi gcomhaontú sin, ar a dtugtar Comhaontú Stócólm, baineann an caighdeán cobhsaíochta sonrach go díreach leis an limistéar farraige ina n-oibríonn an soitheach agus go háirithe leis an tonnairde shuntasach arna taifeadadh sa limistéar oibríochta; is de réir thonnairde suntasach an limistéir ina n-oibríonn an long a chinntear airde an uisce ar dheic na gcarranna a thiofadh chun cinn tar éis damáiste timpisteach.
-

↓ 2023/946 Aithris 1 (oiriúnaithe)

- (13) Bunaítear le Treoir 2003/25/ leibhéal aonfhoirmeach ceanglas cobhsaíochta sonrach le haghaidh longa paisinéirí róró, leibhéal lena gcuirtear feabhas ar mharthanacht an chineáil soithigh sin i gcás damáiste de dheasca imbhualadh agus lena soláthraítear ardleibhéal sábháilteachta do na paisinéirí agus don chriú, in éineacht leis na ceanglais a leagtar amach sa (Coinbhinsiún SOLAS) a bhí i bhfeidhm dáta glactha na Treorach sin.

⁹ Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/45/oj>).

↓ 2003/25/EC	Aithris	20
(oiriúnaithe)		

- (14) ☒ Ba chóir go mbunófaí riachtanais shocraithe áirithe maidir le cobhsaíocht a cuireadh i láthair sa Treoir seo ar mhodh, mar a shonraítear sna hIarscibhinní i gComhaontú Stóicólm, lena ríomhtar airde an uisce ar an deic ró-ró tar éis damáiste i ndáil le dhá bhunpharaiméadar: saorbhord iarmharach na loinge agus an tonnairde shuntasach sa limistéar farraige ina n-oibríonn an long. ☒
-

↓ 2023/946 Aithris 2 (oiriúnaithe)

- (15) An 15 Meitheamh 2017, ☒ ghlac☒ IMO Rún MSC.421(98) lena leasaítear Coinbhinsiún SOLAS agus lena leagtar ceanglais chobhsaíochta athbhreithnithe amach le haghaidh longa paisinéirí atá i riocht damáistithe. Tá feidhm ag na ceanglais sin freisin maidir le longa paisinéirí roró.
-

↓ 2023/946 Aithris 5 (oiriúnaithe)

- (16) ☒ Fanann☒ na ceanglais a leagtar síos i dTreoir 2009/45/CE infheidhme maidir le longa paisinéirí roró. ☒ Áirithítear trí cheanglais chobhsaíochta ☒ le ceanglais Choinbhinsiún SOLAS arna leasú go deireanach le Rún MSC.421(98) (☒ SOLAS 2020' ☒) laghdú ☒ suntasach ar an ☒ riosca do longa paisinéirí roró atá deimhnithe chun níos mó ná 1 350 duine a iompar ar bord.
-

↓ 2023/946 Aithris 7 (oiriúnaithe)

- (17) Maidir le longa paisinéirí roró atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, ba cheart cur i bhfeidhm roghnach cheanglais SOLAS 2020 a bheith ag brath ar leibhéal innéacs R níos airde a bheith ann ná mar a shainítear in SOLAS 2020, chun an leibhéal iomchuí sábháilteachta a bhaint amach.
-

↓ 2023/946 Aithris 6 (oiriúnaithe)

- (18) ☒ Bheadh sé deacair na ceanglais a áirítear le leibhéal níos airde den R-innéacs ☒ a leagtar síos sa Treoir seo maidir le longa paisinéirí roró atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, a chur chun feidhme maidir le dearaí áirithe loinge. Ba cheart, dá bhrí sin, rogha a bheith ag cuideachtaí ar leo na longa sin nó a bhfuil na longa sin á n-oibriú acu i seirbhís rialta san Aontas na ceanglais chobhsaíochta is infheidhme a chur i bhfeidhm sula dtiocfaidh an Treoir ☒ (AE) 2023/946 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ ☒ i bhfeidhm.
- (19) ☒ Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, 10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2023/946, ar úsáid na rogha a bhaineann le longa atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, chun a chinneadh an bhfuil gá le hathbhreithniú ar an Treoir sin. ☒ Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don

¹⁰ Treoir (AE) 2023/946 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus an Treoir sin a ailíniú leis na ceanglais chobhsaíochta atá sainithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IO L 128, 15.5.2023, lgh. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2023/946/oj>).

Choimisiún faoi úsáid na rogha sin in éineacht leis na sonraí maidir leis na longa lena mbaineann.

↓ 2023/946 Aithris 8

- (20) Chun an leibhéal sábháilteachta is gá a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais chobhsaíochta shonracha i gcás damáiste freisin maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana nach raibh deimhnithe riamh i gcomhréir le Treoir 2003/25/CE agus atá á gcur i seirbhís rialta san Aontas.

↓ 2003/25/EC Aithris 17
(oiriúnaithe)

- (21) Ar mhaithe le sábháilteacht a fheabhsú agus saobhadh iomaíochta a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag na comhchaighdeáin sábháilteachta i ndáil le cobhsaíocht maidir le gach long paisinéirí róró, a sholáthraíonn seirbhísí rialta chuig calafort sna Ballstáit ar thurais idirnáisiúnta nó amach uaidh ☒ , gan beann ar an mbratach atá ar foluain acu ☒ .

↓ 2003/25/EC Aithris 18

- (22) Is iad na Stáit bhrataí go príomha atá freagrach as sábháilteacht long agus, dá bhrí sin, ba cheart do gach Ballstát a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais sábháilteachta is infheidhme maidir le longa paisinéirí róró a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.

↓ 2003/25/EC Aithris 19
(oiriúnaithe)

- (23) Ba cheart díriú ar na Ballstáit freisin ina gcáil mar Stáit☒ calafort☒. Tá na freagrachtaí arna bhfeidhmiú sa cháil sin bunaithe ar fhreagrachtaí sonracha Stát an chalafoirt atá go hiomlán i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 1982 .

↓ 2003/25/EC Aithris 21
(oiriúnaithe)

- (24) Ba cheart do na Ballstáit na tonnairdís suntasacha sna limistéir farraige a thrasnaíonn longa paisinéirí róró ar sheirbhís rialta chuig a gcalafoirt nó amach uathu a chinneadh agus a phoibliú. I gcás bealaí idirnáisiúnta, ba cheart na tonnairdís suntasacha a bhunú, i gcás inarb infheidhme agus inar féidir, i gcomhaontú idir na Stáit ar dhá cheann an bhealaigh.

↓ 2023/946 Aithris 9

- (25) Ba cheart do Stáit Chalafoirt oibriú i gcomhar le chéile a mhéid is féidir chun liosta na limistéir farraige dá dtagraítear sa Treoir seo a leagan síos, agus ceannasacht Stát ar limistéir farraige atá faoina ndlínse agus prionsabail ghinearálta dhlí na farraige á gcur san áireamh acu.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)	Aithris	10
-----------------------------	---------	----

- (26) Tá cúnamh á thabhairt ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí don Choimisiún Treoir 2003/25/CE a chur chun feidhme go héifeachtach agus ba cheart di leanúint den chúnamh sin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2434ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)	Aithris	11
-----------------------------	---------	----

- (27) Chun gur féidir leis an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo agus tuairisc a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith, ba cheart do na Ballstáit sonraí a sholáthar maidir le gach long paisinéirí róró nua atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord i seirbhís rialta i gcomhréir leis na ceanglais chobhsaíochta ☒ a leagtar síos sa ☒ Treoir seo. Ba cheart na sonraí sin a sholáthar i gcomhréir leis an struchtúr a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Ba cheart na sonraí sin a bheith ar fáil do gach long paisinéirí róró nua, mar go bhfuil ceangal orthu na ceanglais chobhsaíochta dhóchúlaithe a leagtar amach in SOLAS 2020 a chomhlíonadh.

↓ 2003/25/EC (oiriúnaithe)	Aithris	22
-------------------------------	---------	----

- (28) Ba cheart do gach long paisinéirí róró atá i mbun turais laistigh de raon feidhme na Treorach . ☒ Deimhniú comhlíontachta arna eisiúint ag córas riaracháin an Stáit brataí a bheith ar bord, agus ba cheart do gach Ballstát eile glacadh leis an deimhniú sin. ☒

↓ 2019/1243 Iarscríbhinn, (oiriúnaithe)	Airteagal 1 pointe IX(4)	agus
---	-----------------------------	------

- (29) Chun ☒ an Treoir seo ☒ a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, d'fhorbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta agus don taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme na Treorach sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 ☒ den Chonradh um Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ☒ a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹². Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus

¹¹ Rialachán (AE) 2025/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2025 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2434/oj>

¹² IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstitut/2016/512/oj.

bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

↓ 2003/25/EC Aithris 28
(oiriúnaithe)

- (30) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na gníomhaíochta atá beartaithe, is é sin beatha an duine ar muir a chosaint trí mharthanacht long paisinéirí róró i gcás damáiste, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur féidir, mar gheall ar scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta, iad a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an ☒ Aontais ☒ , féadfaidh an ☒ tAontas ☒ bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ☒ ar an Aontas Eorpach ☒. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

↓ 2003/946 Aithris 13
(oiriúnaithe)

- (31) Chun nach gcuirfear ualach díréireach riaracháin ar Bhallstáit thalamhiata nach bhfuil aon chalafoirt acu agus nach bhfuil aon longa paisinéirí róró acu a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus a thagann faoi raon feidhme ☒ na Treorach seo ☒ , ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit sin maolú a dhéanamh ar fhorálacha ☒ na Treorach seo ☒ . Fágann sé sin, fad a chomhlíontar na coinníollacha sin, nach bhfuil sé d'oibleagáid orthu an Treoir ☒ 2003/25/CE ☒ a thrasú.

↓

- (32) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a thrasú sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin,

↓ 2003/25/EC

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

↓ 2003/25/CE

Airteagal 1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Treoir seo leibhéal aonfhoirmeach ceanglas cobhsaíochta sonrach a leagan síos le haghaidh longa paisinéirí róró, rud a chuirfidh feabhas ar mharthanacht an chineáil sin soithigh i gcás damáiste de dheasca imbhuailte agus a sholáthróidh ardleibhéal sábháilteachta do na paisinéirí agus don chriú.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

↓ 2023/946

- (1) ciallaíonn ‘Coinbhinsiún SOLAS’ an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, agus na leasuithe a rinneadh air atá i bhfeidhm;

↓ 2023/946

- (2) ciallaíonn ‘SOLAS 90’ an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú go deireanach le Rún MSC.117(74);
- (3) ciallaíonn ‘SOLAS 2009’ an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú go deireanach le Rún MSC.216(82);
- (4) ciallaíonn ‘SOLAS 2020’ an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú go deireanach le Rún MSC.421(98);

↓ 2003/25/CE (oiriúnaithe)

- (5) ciallaíonn ‘Comhaontú Stócólm’ an Comhaontú a tugadh i gcrích i Stócólm an 28 Feabhra 1996 de bhun Rún 14  maidir le Comhaontuithe réigiúnacha maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí roró’ , a glacadh  Comhdháil na Rialtas Conarthach don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974,  an 29 Samhain 1995  (Rún 14 de Chomhdháil SOLAS 1995)  ;
- (6) ciallaíonn ‘long paisinéirí roró’ long a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir, a bhfuil spásanna lastais roró nó spásanna catagóire speisialta aici, mar a shainmhínítear i Rialachán II-2/3 de Choinbhinsiún SOLAS;

↓ 2023/946

- (7) ciallaíonn ‘long paisinéirí roró atá ann cheana’ long paisinéirí a bhfuil a cíle leagtha nó atá ag céim chomhchosúil den tógáil roimh an 5 Nollaig 2024; ciallaíonn céim chomhchosúil den tógáil an chéim ag a mbíonn na nithe seo a leanas i gceist:
- (i) tosaítear ar an tógáil is inaitheanta le long shonrach; agus
- (ii) tá tús curtha le cóimeáil na loinge sin ina n-úsáidtear ar a laghad 50 tona nó 1 % de mhais mheasta na n-ábhar struchtúrtha, cibé acu is lú;
- (8) ciallaíonn ‘long paisinéirí roró nua’ long paisinéirí roró nach long paisinéirí roró atá ann cheana í;

↓ 2003/25/CE

- (9) ciallaíonn ‘paisinéir’ gach duine seachas an máistir agus baill den chriú nó daoine eile atá fostaíthe nó a théann atá ag gabháil d’aon ghníomhaíocht in aon cháil ar bord loinge ar ghnó na loinge sin agus seachas leanbh faoi bhun aon bhliain d’aois;

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

- (10) ciallaíonn ‘seirbhís rialta’ sraith turas trasna long paisinéirí róró a oibrítear chun freastal ar thrácht idir an dá chalafort céanna nó níos mó, nó sraith turas amach ón gcalafort céanna agus ☒ an gcalafort céanna gan stadanna idirmheánacha ☒:
- (a) de réir tráthchlár foilsithe; nó
 - (b) turais trasna atá chomh rialta nó chomh minic sin gur féidir iad a aithint mar shraith chórasach;

↓ 2003/25/CE

- (11) ciallaíonn ‘riarachán an Stáit brataí’ údaráis inniúla an Stáit a bhfuil an long paisinéirí róró i dteideal a bhrat a chur ar foluain;

↓ 2023/946

- (12) ciallaíonn ‘Stát Calafóirt’ Ballstát a dtéann long paisinéirí róró chuig a gcalafóirt nó amach astu ar sheirbhís rialta;

↓ 2003/25/CE

- (13) ciallaíonn ‘turas idirnáisiúnta’ turas farraige ó chalafort de chuid Ballstáit chuig calafort lasmuigh den Bhallstát sin, nó *vice versa*;

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

- (14) ciallaíonn ‘ceanglais chobhsaíochta shonracha’, na ceanglais chobhsaíochta dá dtagraítear in Airteagal 6 ☒ den Treoir seo ☒ ;

↓ 2003/25/CE

- (15) ciallaíonn ‘tonnairde shuntasach’ H_S) meánairde an tríú cuid is airde d’airde na dtonnta a bhreathnaítear thar thréimhse ama ar leith;
- (16) is éard atá i gceist le ‘saorbhord iarmharach’ (fr) an t-achar íosta idir an deic róró a bhfuil damáiste déanta di agus an líne snámha dheiridh ag suíomh an damáiste, gan éifeacht bhreise an uisce farraige arna charnadh ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di a chur san áireamh;

↓ 2023/946

- (17) ciallaíonn ‘cuideachta’ úinéir loinge paisinéirí róró nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge paisinéirí ó úinéir na loinge.

↓ 2003/25/CE

Airteagal 3

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le gach long paisinéirí róró a oibríonn chuig calafort de chuid Ballstáit nó amach uaidh ar sheirbhís rialta, gan beann ar a bratach, agus í i mbun turais idirnáisiúnta.

↓ 2023/946

2. Áiríteoidh gach Ballstát, ina cháil mar Stát Calafóirt, go ndéanfaidh longa paisinéirí róró a bhfuil bratach stáit nach Ballstát é ar foluain acu ceanglais na Treorach seo a chomhlíonadh go hiomlán sula bhféadfaidh siad dul i mbun turais i seirbhís rialta ó chalafóirt an Bhallstáit sin nó chucu, i gcomhréir le Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

3. Maidir le Ballstáit nach bhfuil calafóirt acu agus nach bhfuil longa paisinéirí róró acu a bhfuil a mbratach ar foluain acu a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, féadfaidh siad maolú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach seo cé is moite den oibleagáid a leagtar amach sa dara fómhír.

Na Ballstáit sin a bhfuil sé ar intinn acu leas a bhaint as an maolú sin, cuirfidh siad é sin in iúl don Choimisiún faoin 5 Nollaig 2024 más rud é gur comhlíonadh na coinníollacha, agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú ina dhiaidh sin. Ní fhéadfaidh na Ballstáit sin cead a thabhairt do longa paisinéirí róró a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a mbratach a chur ar foluain go dtí go mbeidh Treoir  2003/25/CE  seo trasuite agus curtha chun feidhme acu.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

Airteagal 4

Tonnairdísuntasacha

Úsáidfear na tonnairdísuntasacha chun airde an uisce ar dheic na gcarranna a chinneadh nuair a chuirtear i bhfeidhm na ceanglais chobhsaíochta shonracha  a leagtar amach iin Iarscríbhinn I, Roinn A . Is iad na figiúirí a bheidh sna tonnairdísuntasacha iad sin nach sáraítear le dóchúlacht is mó ná 10 % ar bhonn bliantúil.

¹³ Treoir (AE) 2017/2110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 maidir le córas cigireachtaí d'oibriú sábháilte long paisinéirí róró agus áirteáil paisinéirí ardluais i seirbhís rialta agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 61, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2017/2110/oj>).

↓ 2003/25/EC

Airteagal 5
Limistéir farraige

↓ 2023/946

1. Bunóidh Stáit Calafóirt liosta de na limistéir farraige a thrasnaíonn longa paisinéirí róró atá á n-oibriú ar sheirbhís rialta chuig a gcalafóirt nó amach astu chomh maith le luachanna comhfhreagracha na dtonnairdí suntasacha sna limistéir sin, agus coinneoidh sé an liosta cothrom le dáta.

↓ 2003/25/CE (oiriúnaithe)

2. Déanfar na limistéir farraige agus luachanna infheidhme na tonnairde suntasaí sna limistéir ☒, dá dtagraítear i mír 1, ☒ sin a shainiú le comhaontú idir na Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme agus inar féidir, idir na Ballstáit agus tríú tíortha ar dhá cheann an bhealaigh. I gcás ina dtrasnaíonn bealach na loinge níos mó ná limistéir farraige amháin, comhlíonfaidh an long na ceanglais chobhsaíochta shonracha don luach is airde de thonnairde shuntasach arna sainaithint do na limistéir sin.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

3. Foilseofar an liosta ☒ dá dtagraítear i mír 1 ☒ i mbunachar sonraí poiblí atá ar fáil ar shuíomh idirlín an údaráis mhuirí inniúil. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le suíomh na faisnéise sin chomh maith le haon nuashonruithe ar an liosta agus na cúiseanna leis na nuashonruithe sin.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

Airteagal 6
Ceanglais chobhsaíochta shonracha

1. Gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2009/45/CE, déanfaidh longa paisinéirí róró nua atá deimhnithe chun níos mó ná 1350 duine a iompar ar bord na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ a leagtar síos i ☒ gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2020 a chomhlíonadh go hiomlán.

2. Ar rogha na cuideachta, maidir le longa paisinéirí róró nua atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, comhlíonfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, nó
- (b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn B, a ghabhann leis an Treoir seo.

Maidir le gach long den chineál sin, tabharfaidh údarás riaracháin an Stáit ☒ brataí ☒fógra don Choimisiún laistigh de thréimhse 2 mhí ó dháta eisiúna an deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 7 faoin gcinneadh a rinneadh maidir leis an rogha dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus áireoidh sé leis an bhfógra sin na mionsonraí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

3. Agus na ceanglais ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn A, a chur i bhfeidhm, úsáidfí na Ballstáit na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn II a mhéid atá sé sin praiticiúil agus comhoiriúnach le dearadh na loinge i gceist.

4. Ar rogha na cuideachta, maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana atá deimhnithe chun níos mó ná 1350 duine a iompar ar bord, longa a thugann an chuideachta isteach in oibriú na seirbhíse rialta chuig calafort Ballstáit nó uaidh tar éis an 5 Nollaig 2024 agus nár deimhníodh riamh i gcomhréir leis an Treoir seo, comhlíonfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha i ☒ a leagtar síos i ☒ gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2020; nó
- (b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo, chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2009.

☒ Tabharfar faoi deara na ceanglais chobhsaíochta a cuirtear ☒ i bhfeidhm a nótáil i ndeimhniú na loinge ☒ dá dtagraítear in ☒ Airteagal 7.

5. Ar rogha na cuideachta, maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana atá deimhnithe chun 1 350 duine nó níos lú a iompar ar bord, longa a thugann an chuideachta isteach in oibriú na seirbhíse rialta chuig calafort Ballstáit nó uaidh tar éis an 5 Nollaig 2024 agus nár deimhníodh riamh i gcomhréir leis an Treoir seo, comhlíonfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann leis an Treoir seo; nó
- (b) na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn B, a ghabhann leis an Treoir seo.

Déanfar na ceanglais chobhsaíochta arna gcur i bhfeidhm a nótáil i ndeimhniú na loinge dá dtagraítear in Airteagal ☒ 7 ☒.

6. Maidir le longa paisinéirí róró atá ann cheana a bhí á n-oibriú i seirbhís rialta chuig calafort Ballstáit nó amach as faoin 5 Nollaig 2024, coinneoidh siad orthu ag comhlíonadh na gceanglas cobhsaíochta sonrach ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I sa leagan a bhí i bhfeidhm sular tháinig Treoir (AE) 2023/946 i bhfeidhm.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

Airteagal 7

Deimhnithe

1. Maidir leis na longa paisinéirí róró nua uile agus na longa paisinéirí róró uile atá ann cheana a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu, iompróidh siad deimhniú lena ndeimhnítear go gcomhlíonann siad na ceanglais chobhsaíochta shonracha dá dtagraítear in Airteagal 6.

Eiseoidh údarás riaracháin an Stáit Brataí na deimhnithe agus d'fhéadfadh na deimhnithe a chumasc le deimhnithe gaolmhara eile. Le haghaidh longa paisinéirí róró a chomhlíonann na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn A, sonrófar sa

deimhniú an tonnairde shuntasach ar suas léi is féidir leis an long na ceanglais chobhsaíochta shonracha a chomhlíonadh.

Beidh an deimhniú bailí fad a bhíonn an long paisinéirí róró ag oibriú i limistéar ag a bhfuil an tonnairde shuntasach chéanna nó luach tonnairde suntasaí níos lú.

2. Aithneoidh gach Ballstát ag gníomhú i gcáil Stáit Calafóirt dó deimhnithe a eisíonn Ballstát eile i gcomhréir leis an Treoir seo.

3. Glacfaidh gach Ballstát ag gníomhú i gcáil Stáit Calafóirt dó le deimhnithe a eisíonn tríú tír lena ndeimhnítear go gcomhlíonann long paisinéirí róró na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar síos sa Treoir seo.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

Airteagal 8

Oibriú séasúrach agus oibriú eile i dtréimhse ghearr ama

1. Más mian le cuideachta a oibríonn seirbhís rialta ó cheann ceann na bliana tuilleadh longa paisinéirí róró a thabhairt isteach le hoibriú ar feadh tréimhse níos giorra ar an tseirbhís sin, tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Stáit Calafóirt nó na Stát Calafóirt tráth nach déanaí ná 1 mhí sula mbeidh na longa sin á n-oibriú ar an tseirbhís sin.

2. ☒ Mar sin féin, i gcásanna ina gcaithfear, tar éis imthosca gan choinne teacht chun cinn, long paisinéirí róró athsholáthair a chur i seirbhís go pras chun leanúnachas seirbhíse a áirithiú, beidh feidhm ag ☒ Airteagal 4(4) de Threoir (AE) 2017/2110 agus ag pointe 1.3 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴ in ionad an cheanglais fógra i mír 1.

3. Más mian le cuideachta seirbhís rialta a oibriú go séasúrach ar feadh tréimhse níos giorra nach faide ná 6 mhí in aghaidh na bliana, tabharfaidh sí fógra d'údarás inniúil an Stáit Calafóirt nó na Stát Calafóirt tráth nach déanaí ná 3 mhí sula gcuirfear tús lena hoibriú.

4. Maidir le longa paisinéirí róró a chomhlíonann na ceanglais ☒ chobhsaíochta shonracha ☒ ☒ a leagtar amach ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn A, i gcás ina dtarlaíonn an t-oibriú de réir bhrí mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo i ndálaí ina mbíonn tonnairde shuntasach níos ísle ann ná na tonnaird atá leagtha síos le haghaidh an limistéir farraige chéanna don oibriú ó cheann ceann na bliana, féadfaidh an t-údarás inniúil luach na tonnairde suntasaí is infheidhme ☒ don ☒ na tréimhse is giorra a úsáid chun airde an uisce ar deic a chinneadh nuair a bhíonn na ceanglais chobhsaíochta shonracha ☒ a leagtar síos ☒ in Iarscríbhinn I, Roinn A, á gcur i bhfeidhm aige. Déanfar luach na tonnairde suntasaí is infheidhme le haghaidh na tréimhse ama níos giorra sin a chomhaontú idir na Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme agus inar féidir, idir na Ballstáit agus tríú tíortha ar dhá cheann an bhealaigh.

5. Tar éis comhaontú le húdarás inniúil an Stáit Calafóirt nó na Stát Calafóirt le haghaidh oibriú de réir bhrí mhíreanna 1, 2 agus 3 ☒ d'Airteagal seo ☒, ceanglófar ar an long paisinéirí róró a bhíonn i mbun oibriú den sórt sin deimhniú a bheith ar iompar aici lena ndeimhnítear go gcomhlíonann sí forálacha na Treorach seo, mar a fhoráiltear in Airteagal 7(1).

¹⁴ Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú Stáit ar chalafoirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/16/oj>).

Airteagal 9

Na hIarscríbhinní a leasú

Tugtar de chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10a lena leasaítear na hIarscríbhinní chun forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, go háirithe san ☒ An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) ☒ , agus chun éifeachtacht na Treorach seo a fheabhsú i bhfianaise na taithí a fuarthas agus an dul chun cinn theicniúil.

Airteagal 10

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 9 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 26 Iúil 2019. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula ndéanfaidh sé gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

↓ 2003/25/CE (oiriúnaithe)

Airteagal 11

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

↓ 2023/946

Airteagal 12

Athbhreithniú

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach seo agus cuirfidh sé torthaí na meastóireachta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 5 Meitheamh 2033. Cuirfear faisnéis bunaithe ar na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 6(2) ar fáil i bhfoirm gan ainm.

↓

Airteagal 13

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 2003/25/CE, arna leasú leis na Treoracha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IV, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn IV a thrasú sa dlí náisiúnta agus maidir le dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn V.

↓ 2003/25/CE (oiriúnaithe)

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm ☒ an fichiú lá tareis ☒ lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 15

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*